This Is Art! RTÉ
Plean Gníomhaíochta do Mhúinteoirí

Céim 1

Déan cur i láthair faoin téama (5 nóiméad)

- Inis do na daltaí/scoláirí faoi théama na bliana seo: "Seo muid!"
- Mínigh an téama: D'fhéadfadh "muid" a bheith ag tagairt do do mhuintir, do chairde, do rang, d'fhoireann - nó do dhuine ar bith nó do cheangal ar bith a imríonn tionchar ort.
- Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann. Tá fáilte roimh gach uile thaithí saoil agus roimh gach ciall a bhaintear as an téama.

Céim 2

Cuir smaointe i gceann a chéile (10 nóiméad)

- Cuir an cheist: Cé nó céard a shamhlaíonn tú leis an bhfocal "muid"?
- Bain úsáid as leideanna (tá PDF tugtha) chun smaointe a phlé. Roghnaigh leid as an bpaca leideanna atá dírithe ar leanaí atá idir 4 agus 10 mbliana d'aois nó as an gceann atá dírithe ar leanaí atá idir 11 agus 18 mbliana d'aois.
- Roghnaíonn na daltaí/scoláirí smaoineamh (nó cúpla smaoineamh!) nó ceangal ar mhaith leo a phlé.

Céim 3

Cruthaigh Saothar Ealaíne (20-30 nóiméad)

- Bain úsáid as aon ábhar atá ar fáil duit: pinn luaidhe, péint, criáin nó meáin mheasctha.
- Léirigh daoine díreach mar atá siad, úsáid rudaí agus siombailí nó tabhair faoi do shaothar ar bhealach teibí nó samhlaíoch.
- Dírigh ar an tuiscint atá ag an ealaíontóir féin ar atá i gceist le ceangal agus muintearas.

Céim 4

Scríobh Ráiteas Ealaíontóra. (10 nóiméad)

- Mínigh: Teastaíonn Ráiteas Ealaíontóra, cúpla focal faoi do shaothar ealaíne, a bheith le gach saothar ealaíne a chuirtear isteach.
- Ba cheart a leanas a bheith sa ráiteas:
  1. An t-ábhar a d'úsáid tú chun é a dhéanamh
  2. An scéal a bhaineann le do shaothar ealaíne
  3. An t-ábhar inspioráide a bhí agat agus tú á dhéanamh
- Bíodh sé gearr. Bheadh idir 3 agus 5 abairt foirfe.

Céim 4

Roinn & Cuir Isteach é

- Lig do na daltaí/scoláirí a gcuid saothair agus na ráitis a théann leo a roinnt leis an rang.
- Cuir i gcuimhne dóibh cúnamh a fháil ó thuismitheoir/chaomhnóir chun a saothar ealaíne a chur isteach ar láithreán gréasáin This Is Art!.

Príomhnótaí do Mhúinteoirí

- Ní theastaíonn scileanna ná trealamh speisialta.
- Dírigh ar an gcruthaíocht agus ar úrnuacht seachas ar shaothar ealaíne "foirfe".
- Tá dearcadh gach linbh ceart agus is fiú iad a chur isteach!

RTÉ
Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
Shared Island Initiative